# Appendix 7

## (iv) Tuairisc ar Oideachas Gaeltachta 2018
## Ag Caomhnú na Gaeltachta

Ó foilsíodh an t-Acht Oideachais 1998 tá dualgaisí reachtúla ar scoileanna Gaeltachta an Ghaeilge agus pobail Ghaeltachta a chaomhnú.

D'fhoilsigh an Rialtas straitéis fiche bliain don Ghaeilge i 2010 ach is beag a tharla sna blianta beaga ina dhiaidh sin. Ó 2016 ar aghaidh tháinig feabhas agus tá obair thabhachtach ar siúl sna Gaeltachtaí ó shin. Bunaíodh coistí áitiúla chun pleananna teanga a fhorbairt. Tá a bhformhór sin dreachtaithe anois agus tá maoiniú (teoranta) dhá chur ar fail le iad a chur I gcrioch.

Foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta I nDeire Fomhair 2016. Tá sé soiléar gur cuiriú go leor iarracht agus oibre isteach son bpolasaí seo. Léirigh sé staid na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta agus na mór dhubhláin atá le sárú.

Chun a bheith aitheanta mar scoil Ghaeltachta do réir an pholasaí bhí ar chuile scoil lonnaithe son nGaeltachtacht suim a léiriú a bheith páirteach son scéim roimh Samhraidh 2017.

I rith an téarma Mean Fomhair – Nollaig 2017 thug cigirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna cuairt ar na scoileanna chun eolas a bhailiú agus chun tuairimí a mhalartú.

Bhí ar chuile scoil iarratas oifigiúil a dheanamh ar a bheith aitheanta mar scoil Ghaeltachta roimh an 31/01/2018. Is é sprioc an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go mbeidh oideachas ar ard chaighdeán trí mhean na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uilig atá ina gcónaí son nGaeltacht.

Seo a leanas na tacaíochtaí a bhéas ar fail do réir an pholasaí:
1. Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú
2. Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge
3. Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt
4. Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
5. Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
6. Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
7. Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

Chun an polasaí a chuir i gcríoch tá Aonad nua Gaeltachta bunaithe son Roinn Oideachais agus scileanna. Is cigirí ón áonad seo mar aon le COGG a bhéas ag tabhairt tacaíocht do scoileanna agus a chinnteós go bhfuil scoileanna ag leannacht a bplean oibre.

Bunaíodh Coiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta chun tacú le agus comhairle a thabhairt don Aonad Gaeltachta. Tá ionadaithe ó na páirtithe Oideachais go léir ar an gcoiste seo.

Deir an sean fhocal gur tús maith leath na h-oibre, sílim go bhfuil tús maith curtha leis an obair chun an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.

*An t-Úas. Tomás Ó Nidh.*